NUACHTLITIR
TÚS NA BLIANA

2014-2015

02-09-2014



Tá fearradh na fáilte ar ais roimh gach éinne don scoilbhliain nua seo. Táim cinnte de go mbeidh bliain iontach againn faoi mar a bhíonn gach aon bhliain i nGaelscoil na Camóige. Tá súil agam go raibh samhradh maith ag gach duine agus go bhfuilimid ar fad réidh le bliain úr thaitneamhach, thairbhreach a bheith againn. Cuirim fáilte faoi leith roimh na naíonáin nua i Rang an Mhúinteora Sharon agus an múinteoir nua atá againn – an Múinteoir Clíodhna- an Múinteoir Achmhainne .

A hearty welcome back to one and all. I hope that everyone had a great summer and that we are all well rested and ready for an enjoyable and fruitful new school year. A special welcome to our new Junior Infants who began the school journey last Thursday and to Múineoir Clíodhna our new Resource Teacher.

* * * * * * * * * * *

Cuirfear na leabhair scoile abhaile an tseachtain seo. An miste libh iad a chlúdach agus a sheoladh isteach roimh an Aoine seo chugainn?

School books will go home in the bags this week. Could you please cover them and have them back in the school before next Friday at the latest, many thanks.

* * * * * * * * * * *

Ba mhaith liom a mheabhrú do thuismitheoirí nach bhfuil cead tiomáint isteach trí gheataí Áras Chrónáin. Caithfear na páistí a shiúl isteach tríd an ngeata siúlóide ar thaobh an phríomhgheata. Agus tuistí ag bailiú páistí is féidir teacht isteach sa chlós agus iad a bhailiú nuair a thagann siad amach ó na seomraí.

I would like to remind parents that Muintir Chrónáin have instructed us that cars are not permitted through the gates of Áras Chrónáin. Children may be walked through the pedestrian gate beside the main gate or through the gate at the back of the Áras from Orchard Road. When parents are collecting their children please wait in the school yard and collect them when they come out from the classrooms.

* * * * * * * * * * *



Tá an-chuid cainte na laethanta seo faoin mbia a thugar dár bpáistí le hithe. Mar is eol daoibh tá polasaí lóin sláintiúil againn i nGaelscoil na Camóige le fada an lá. **Níl cead ag páistí aon bhia nó deoch nach bhfuil sláintiúil a thabhairt ar scoil.** Níl cead acu aon chnónna a thabhairt isteach ach an oiread. Seo liosta den bhia nach bhfuil ceadaithe. Má tá tú amhrasach faoi aon rud eile labhair leis an oifig nó an Múinteoir Ranga le do thoil.

There is a lot of talk these days about what we are feeding our children. At Gaelscoil na Camóige we have a successful healthy lunch policy in operation for some years now. ***Children are only permitted to bring drinks and foods to school that are healthy.***

***Food containing nuts are also not permitted**. If you are unsure of any foods please do not hesitate to check with the office or with the class teacher. Below is a list of foods that are not permitted.*

- Cereal bars
- Brioscaí d'aon saghas/Biscuits of any type
- Pizza
- Muffins
- Glóthach/ Jelly
- Criospaí/crisps, pretzals, popcorn
- Fruit winders
- Croissants
- Rollóg ispíní/sausage rolls
- Ispíní/sausages
- Dairylea lunchables/ Dairylea Dunkers
- Seacláid/Chocolate
- Milseáin/sweets
- Muller corners le seacláid/Muller corners with chocolate
- Cnónna/nuts
- Leathán seacláide/chocolate spread
- Deochanna shúilíneach/fizzy drinks
- Sunny D

* * * * * * * * * * *

Comhghairdeas faoi leith leis an Múinteoirí Pól agus an Múinteoir Donncha a phós i rith an tsamhraidh. Guímid gach rath orthu.
Congratulations also to Múinteoirí Pól and Donncha who both got married this summer. We wish them all the best in the future.

* * * * * * * * * * *

Iarrann ár n-árachasóir orainn a mheabhrú do thuismitheoirí go dtosnaíonn an scoil ag a 8.50 a.m. agus go gcríochnaímid ag a 1.30p.m. do na naíonáin agus 2.30p.m. do na ranganna eile. Ní féidir leis an scoil a bheith freagrach as na páistí taobh amuigh de na hamanna seo. Iarraimid ar thuismitheoirí na páistí a fhágáil ar scoil in am agus iad a bhailiú ón scoil in am ag deireadh an lae.
Our insurers ask us to remind parents that the school opens at 8.50 a.m. and finishes at 1.30 p.m. for infants and 2.30 p.m. for all other classes. The school cannot be responsible for children outside of these times. I would ask all parents to be punctual in leaving the children to school in the morning and collecting them in the afternoon.

* * * * * * * * * * *

Sa chaoi is nach mbeidh éadaí srl. caillte ag na páistí cuirigí a n-ainmneacha ar gach aon rud a thógann siad ar scoil.
To avoid lost clothing etc. please put your child's name on everything that s/he brings to school.

****

An Cód Iompair
Táimid ag díriú isteach ar iompar na bpáistí agus éadaí na bpáistí i gcónaí ar scoil. Seo meabhrúchán den chód iompair atá againn sa scoil. Mar is eol daoibh tháinig múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí le chéile anuraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair. Seo iad na cinntí a rinneamar le chéile agus táimid chun iad a leanúint arís i mbliana.

An Cód Smachta
Moltaí ó Anuraidh:
Bulaíocht ar an gcárta buí as seo amach (bainte den chárta bán)
Liosta Rialacha don chlós ar phóstaer sna ranganna
Cothromaíocht sna píonóis
Poncúlacht – déanach 3 huaire sa choicíse = cárta bán (extenuating circumstances allowable)
Gan an éide scoile ceart 3 huaire sa mhí = cárta bán
Éadaí srl.

Cosc ar dhath sa ghruaig
Cosc ar shlabhra
Cosc ar smidiú
Cosc ar stíl ghruaige as an ghnách
Stoda amháin sa chluas do bhuachaillí agus dhá stoda do chailíní. Níl cead acu fáinne cluaise fada a chaitheamh.
Fáinne slán amháin
Gruaig fhada ceangailte siar (cailíní)

Code of Conduct
We are constantly looking at the behaviour and school clothes of the children. Teachers, parents and children came together last year to review the Code of Conduct. Here is a reminder of our Conduct of Behaviour. Here is a list of the decisions made which we are also following this year.
Bullying on the yellow card from now on (removed from the white card)
A list of the yard rules to be displayed in every classroom.
Fairness in the penalty given.
Punctuality – late 3 times in the fortnight = a white card (extenuating circumstances allowable)
*Not wearing **ALL proper** school clothes 3 times in a month = a white card.*
No dye or colour in hair.
No chains.
No make-up.
No hairstyles out of the ordinary.
One earring stud allowed for boys and two studs for girls. No long earrings.

One 'safe' ring.
Long hair tied back.

****

Clár Ama na Naíonán Beag/Junior Infant Timetable

An Chéad agus an Dara Lá /***The First and Second Day***

Déardaoin agus Aoine / ***Thursday and Friday*** 28 & 29/08/2014

9.00a.m.-11.00a.m.

Dé Luain /Monday 1/09/2014 – Aoine / *Friday* 12/09/2014
8.50a.m.-12.00a.m.

An chuid eile den bhliain ag tosú
The rest of the year from **15/09/2014**
8.50a.m.-1.30p.m.

* * * * * * * * * * *

Laethanta Saoire 2014 – 2015/ School Holidays 2014/2015
Briseadh Meán Téarma/*Midterm break* – 27-31 Deireadh Fómhair/*October* (san áireamh/*inclusive*)
An Nollaig/*Christmas* – An Aoine, an 19 Nollaig/*Friday, December 19th* – (leath-lá/*half day)* – 2 Eanáir/*January 2nd*
Ar ais ar an Luan, an 5 Eanáir/*Back Monday, January 5th*
Briseadh Lár Téarma – 18-20 Feabhra (san Áireamh)/ *Midterm break – 18-20 February (inclusive)*
Lá le Pádraig 16/17 Márta/*March 16th/17th* – St Patrick's Day
An Cháisc – Leath lá ar an 27 Márta/ *Easter – half day on March 27th.*
Ar ais ar an 13ú Aibreán/ *back on April 13th.*
Lá Saoire Bainc – 1-5 Bealtaine/ *Bank holiday – May 1st- 5th.*
Ag críochnú ar an Aoine, 26ú Meitheamh/ *Half day on Friday June 26th.*

* * * * * * * * * * *

Táimid ag bailiú an airgid don halla, rince, gleacaíocht, snámh agus fheadóg stáin. Tá costas €35 i gceist do na Naíonáin don bhliain - (halla, rince, spórt)
Tá costas €82 do pháistí Rang a 1 - 6 don bhliain - (halla, rince, spórt, snámh, ceachtanna feadóige stáin).
Seol an t-airgead isteach roimh an 17 Deireadh Fómhair le bhur dtoil. Má tá aon fhadhb ann, ná bíodh drogall oraibh labhairt leis an oifig go príobháideach.
We are collecting the money for the hall, dancing, gymnastics, swimming and tin whistle now.
The price for the Infants is €35 for the year (hall, dancing, sport).

The price for the 1st-6th Class is €82 for the year (hall, dancing, sport, swimming, and tin whistle lessons).
Please send in the money before October 17th. If you have any problems with this, please do not hesitate to contact the office in confidence.

* * * * * * * * * * *



Beidh Rang a 3 agus Rang a 5 ag tosú leis na ranganna snámha an Aoine beag seo 5 Meán Fómhair. Ná déanaigí dearmad éadaí snámha, hata, tuáille, fobhrístí agus €1 don taisceadán a thabhairt isteach **gach Aoine.**
3rd Class and 5th Class will start swimming lessons this Friday 5th September. Please ensure that each child has a swimming costume, hat, towel, underwear and a €1 for the locker ***every Friday.***

* * * * * * * * * * *



Beidh na ceachtanna don fheadóg stáin ag tosú Dé Céadaoin seo chugainn 10ú Meán Fómhair. Beidh ceacht acu gach dara seachtain. Beidh Rang a 1, 2 agus a 3 ag tosú Dé Céadaoin agus Rang a 4, 5, 6 ag tosú ar an gCéadaoin, an 17 Meán Fómhair. Bígí cinnte go bhfuil na feadóga acu sna málaí scoile ar an gCéadaoin go háirithe le bhur dtoil.
Tin whistle classes will recommence next Wednesday 10th September. The children will have lessons every second week for the year. 1st, 2nd and 3rd Class will start on the 10th and 4th, 5th and 6th Class will start the following Wednesday, September 17th. Please ensure that the children have their tin whistles every Wednesday.

* * * * * * * * * * *

Beidh foirne peile na scoile faoi 13 agus faoi 11 ag tosnú ag traenáil go luath. Coinnigh súil amach do litir ón Múinteoir Donncha faoi thraenáil srl.
The school football team under 13 and under 11 will be back training soon. Keep an eye out for a note from Múinteoir Donncha in relation to training etc.

****

Beidh na cailíní ar ais ag traenáil peile an tseachtain seo leis an Múinteoir Olivia. Beidh an chéad cluiche acu an tseachtain ina dhiaidh sin agus guímid gach rath orthu.
The girls will be back in full swing with football training this week. Their first game will be the following week and we wish them all the best.

****

Beidh na ranganna giotáir ag tosú Dé Máirt 9ú Meán Fómhair. Beidh trí seachtaine dhéag i gceist don téarma seo. Beidh costas €91 i gceist don téarma seo. Más féidir libh an t-airgead a thabhairt isteach roimh an Mháirt le bhur dtoil. *The guitar classes will be starting next Tuesday, 9th September. There are thirteen weeksin the term. The classes will cost €91. Please pay Éilís or Stiofán on or before Tuesday.*

Bord Bainistíochta na Scoile faoi láthair/ Our School Board of Management members:

An Cathaoirleach/ *The Chairperson*: Barra Ó Caoinleáin
An Príomhoide/ *The Principal*: Aoife Ní Raghallaigh
Ionadaí an Phatrúin/ *Patrons' Representative*: Sean Ó Cearnaigh
Ionadaithe Tuismitheoirí/ *Parents' Representative*: Prionnsias Mac Risteard & Sarah-Jane Carey
Ionadaí Múinteora/ *Teachers' Representative* : Donncha Ó Corcoráin
Ionadaithe an Phobail/ *Community Representative*: Pól Mac Reachtain & Tom Pitts.

Rainbows.

Is cúrsa iontach é Rainbows a thugann tacaíocht do pháistí a bhfuil taithí acu le méala, scaradh nó colscaradh sa chlann. Is grúpa tacaíochta é Rainbows a chabhraíonn go mór le páistí. Beidh an cúrsa ag dul ar aghaidh arís i mbliana sa scoil. Má tá suim agat sa chúrsa seo léigh an litir agus seol an foirm iarrtas isteach chomh luath agus is féidir le bhur dtoil.
Rainbows is a wonderful support service for children who have experienced bereavement, separation or loss in their family lives. Rainbows provides a support group for children that will assist children in working through any concerns that they may have. This programme will be running in the school again this year. If you are interested in the course please read the attached letter and send in the application form as soon as possible.

****

Beidh an Club Obair Bhaile ag tosú Dé Luain seo chugainn, 8ú Meán Fómhair ó a 2:30 - 3:30. A thuilleadh eolais ag teacht ón Múinteoir Sinéad.
The Homework Club will be starting next Monday, September 8th. More information to follow.

****

Má tá ag iarraidh labhairt le do pháiste nó leis an múinteoir téigh chuig an oifig nó seol nóta isteach chuig an múinteoir i dtús báire le bhur dtoil. Bíonn na múinteoirí lán sásta bualadh le haon tuismitheoirí nuair atá am cuí eagraithe acu.
If you wish to speak to your child or the class teacher, please ensure that you report to the office first or send a note in to the class teacher. The teachers are always very willing to meet with parents at a suitable time that does not disrupt class time.

****

Obair Bhaile

Mar is eol daoibh tá sé fíor thábhachtach go dtugtar lán-tacaíocht do na páistí agus iad i mbun Obair Bhaile ó thus na bliana. Seans go mbeidh cabhair ag teastáil uathu agus iad ag iarraidh socrú isteach i ndiaidh na laethanta saoire. Déanaigí cinnte de go bhfuil an obair bhaile sínithe ag tuismitheoir gach lá le bhur dtoil. Cabhróidh an tacaíocht seo go mór leis an Múinteoir Ranga agus le do pháiste.

As you know, it is essential that the children are supported and encouraged when doing their homework. Children often require help from the beginning of the year to settle back and to get into the swing of things. Please ensure that the homework is signed and checked by a parent each night. This support will greatly help the class teacher and your child.

****

Plean Feabhsucháin Scoile/ School Improvement Plan

Rinneadh go leor oibre anuraidh ar an bplean Mata. Tar éis eolas a bhailiú ó thuistmitheoirí, múinteoirí agus páistí táim sásta a rá go bhfuil an Tuairisc Uimhearthachta agus an Plean Feabhsucháin curtha i gcrích. Ta an Plean curtha i bhfeidhm ag an bpointe seo. Ta cóipeanna den thuairisc agus den phlean ar fáil san oifig. Má tá suim ag aon tuismitheoir cóip a fháil téigh chuig an oifig.

A lot of work was carried out last year on the School's Maths Plan. After collecting information from parents, teachers and children I am delighted to say that the Self-Evaluation Report for Numeracy and also the School Improvement Plan for Numeracy have been completed. The plan is being put into action in the school at the moment. Copies of the Report and of the Plan are available from the office for parents.

****

Cairde

Rith Na Camóige – curtha ar athló/ *postponed*

Mar is eol daoibh, bhí Rith na Camóige le tarlú an Déardaoin/Aoine 25/26 Meán Fómhair. Táimid tar éis cinneadh a dheánamh é a chur ar athló go dtí Mí Aibreán/ Bealtaine na bliana seo chugainn chun am a thabhairt dúinn urraíocht corparáideach a fháil. Dá ndéanfar an téarma seo é bheadh an scoil ag brath ar airgead a bhaileodh na páistí trí chártaí urraíochta a úsáid. Is am costasach sa bhliain é faoi láthair agus níor mhaith linn breis brú a chur ar dhaoine. Beidh Rith na Camóige mar ghníomhaíocht tiomsaithe airgid iontach don scoil agus anuas air sin, chabhróidh sé le sláinte agus folláine chomhphobal na scoile ina iomláine. Tríd é a chur ar athló ar feadh tamaill, beidh sé níos mó is níos fearr! Chomh maith leis sin tá breis ama anois agaibh traenáil don lá. Is seans maith é do dhuine ar bith a bhfuil suim acu ann a bheith ag rith tús a chur leis. Beidh níos mó eolais faoi nuair atá dáta socruithe.

As you are all aware, Rith na Camóige was due to take place on Thursday/Friday 25th/26th September. It was decided to postpone the event until April/May next year to give extra time to get corporate sponsorship on board. If it was to go ahead now the school would be relying mainly on monies collected from sponsorship cards distributed to the children. This is a very expensive time of year for everyone and the school does not wish to put extra pressure on parents. Rith na Camóige could be a great fundraising event for the school and also benefit the health and well-being of the whole school community. By postponing the event for a few months it can be bigger and better. The delay will also give more people the opportunity to train for the event so if you have ever considered taking up running this is your opportunity. More information from Cairde to follow.